

Ráiteas Tuismitheora maidir le Seirbhísí Comhpháirtíochta

1. Fáilte chuig ár Seirbhís Comhpháirtíochta

Is Seirbhís Comhpháirtíochta é **Ballybay Kindergarten CLG, Clones Road Derryvalley Ballybay A75HF78**, a oibríonn i gcomhar leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus le tuismitheoirí/caomhnóirí chun seirbhísí ardchaighdeáin, inacmhainne, cuimsitheacha Luathfhoghlama agus Cúraim (ELC) agus/nó Cúram Leanaí in Aois Scoile (SAC) a sholáthar do leanaí faoin tsamhail 'Together for Better'.

Is í Together for Better an tsamhail nua chistithe don luathfhoghlaim agus do chúram leanaí a nascann le chéile trí phríomhchlár, an An Clár Cúraim agus Oideachais Luath-Óige (ECCE) - lena n-áirítear an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) - an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (an SNCL), Core Funding, agus Equal Start.

Mar Sheirbhís Comhpháirtíochta, cuirimid scéimeanna fóirdheontais ar fáil do thuismitheoirí agus faighimid Core Funding. Is é Core Funding, a thosaigh i Meán Fómhair 2022, an sruth maoinithe nua ar thaobh an tsoláthair a chuireann tús leis an gcomhpháirtíocht chun leasa phoiblí idir an Stát agus soláthraithe. Is é a phríomhchuspóir atá leis ná feabhas a chur ar phá agus coinníollacha san earnáil ina hiomláine agus ar an inacmhainneacht do thuismitheoirí, chomh maith le hioncam cobhsaí a chinntiú do sholáthraithe

Tugtar breac-chuntas sa Ráiteas Tuismitheora seo ar chuid de na rudaí tábhachtacha ar féidir leat a bheith ag súil leo uainn, mar Sheirbhís Comhpháirtíochta. Cuirtear an Ráiteas Tuismitheora seo ar fáil mar choinníoll de Chomhaontú Maoinithe na Seirbhíse Comhpháirtíochta Croí-Mhaoinithe, de chomhaontuithe SNCL, ECCE agus CCSP Maoiniú Coigiltis agus cuireann sé bonn eolais faoin gcomhaontú atá i bhfeidhm eadrainn Ballybay Kindergarten CLG agus na tuismitheoirí/caomhnóirí a úsáideann ár seirbhís. Ní páirtí don chomhaontú seo an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ach comhaontú idir an tseirbhís agus an tuismitheoir/caomhnóir amháin.

1.1 Maidir Linn

Seo cuid de na rudaí bunúsacha ba cheart a bheith ar eolas agat fúinn:

Is seachtain tipiciúil dúinn 09:00 go 13:00 Luan go hAoine le haghaidh 38 in aghaidh na bliana.

Ag Ballybay Kindergarten CLG cuirimid na seirbhísí seo a leanas ar fáil do leanaí agus dá dteaghlach:

☐	Cúram Seisiúnach don Luathfhoghlaim & Cúram (ELC) seachas soláthar ECCE
☒	Réamhscoil sheisiúnach faoi ECCE (Réamhscoil In Aisce)
☒	Cúram lae iomlán/cúram páirtaimseartha don Luathfhoghlaim & Cúram (ELC)
☐	Cúram leanaí d'aois scoile i rith an téarma
☐	Cúram leanaí d'aois scoile tar éis an téarma

2. An Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM), an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (an SNCL) agus an Clár Fóirdheontais Plus um Chúram Leanaí Pobail (CCSP).

Tá an tSeirbhís Comhpháirtíochta seo ar conradh chun an méid seo a leanas a sheachadadh:

☒	An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (an SNCL)
☒	An Clár Cúraim agus Oideachais Luath-Óige (ECCE)

☐	An Clár Fóirdheontais Plus um Chúram Leanaí Pobail (CCSP)
--------------------------	---

An Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE)

Déanann ECCE foráil do 15 uair an chloig in aghaidh na seachtaine de sholáthar réamhscoile thar 38 seachtaine sa bhliain sula dtosaíonn leanaí ar an mbunscoil, gan táille ar bith do thuismitheoirí. Tá leabhair incháilithe chun ECCE a thosú i dtéarma Mheán Fómhair nuair a bhíonn 2 bhliain agus 8 mí d'aois slánaithe acu ar an 31 Lúnasa nó roimhe sa bhliain sin.

Má tá leas á bhaint agat as cúram leanaí breise, is é iarmhéid na dtáillí cúraim leanaí a chaithfidh tú a íoc ná táillí an linbh lúide 15 uair an chloig ECCE sa tseachtain a bhfuil do leanbh incháilithe dóibh. Íocann an Roinn Ballybay Kindergarten CLG do na 15 uair a bhronntar ort do do leanbh. Tá aon uaireanta breise cúraim leanaí atá in úsáid agat lasmuigh de ECCE incháilithe le haghaidh fhóirdheontas an SNCL (féach na sonraí thíos).

Ní mór do Ballybay Kindergarten CLG sonraí a thabhairt duit i scríbhinn maidir leis an gcaoi a ríomhtar iarmhéid do tháillí cúraim leanaí (is é sin, an táille a ghearraimid lúide do 15 uair an chloig saor in aisce in aghaidh na seachtaine de sholáthar réamhscoile).

Tacóidh Cait McCarey leat do leanbh a chlárú don chlár ECCE inár seirbhís má chomhlíonann do leanbh na critéir incháilitheachta. Tá tuilleadh faisnéise faoi ECCE ar fáil anseo -

<https://www.gov.ie/en/publication/2459ee-early-childhood-care-and-education-programme-ecce/>

Tabhair do d'aire: Sa Chlár ECCE ní gá duit ná ní cheanglaítear ort éarlais a roghnú ná a íoc as aon bhreiseáin roghnacha.

Má bhaineann tú leas as aon roghanna breise, más mian leat, ag am ar bith, tarraingt siar ó aon cheann de na roghanna breise a roghnaíodh, ní mór duit fógra 20 lá oibre a chur ar fáil do Ballybay Kindergarten CLG.

An tSamhail Rochtana agus Ionchuimsithe (SRI)

Is é is sprioc le AIM timpeallacht níos cuimsithí a chruthú i réamhscoileanna, ionas gur féidir le gach leanbh, gan beann ar chumas, tairbhe a bhaint as luathfhoghlaim agus cúram ar ardchaighdeán. Baineann an tsamhail é seo amach trí thacaíochtaí uilíocha a chur ar fáil do shuíomhanna réamhscoile, agus tacaíochtaí spriocdhírthe, a dhíríonn ar riachtanais an linbh aonair, gan diagnóis mhíchumais a bheith ag teastáil.

Tá tuilleadh eolais faoi AIM ar fáil anseo - <https://aim.gov.ie/>

(Roghnach):

Tá Comhordaitheoir Lánpháirtíochta ag an tseirbhís seo freisin, Cait McCarey a bhfuil cáilíocht speisialta acu atá dírithe ar thacú le cuimsiú gach linbh sa tseirbhís.

An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (an SNCL)

Cuireann an SNCL fóirdheontais ar fáil do thuismitheoirí agus do theaghlaigh chun costais na Luathfhoghlama agus an Chúraim (ELC) agus/nó Cúram Leanaí d'Aois Scoile (SAC) a fhritháireamh. Tá dhá chineál fóirdheontais is féidir a chur isteach orthu faoin SNCL - an fóirdheontas Uilíoch nó loncam-mheasúnaithe. Tá an dá fhóirdheontas ar fáil do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu idir 24 seachtain agus 15 bliana d'aois.

Cuireann an tseirbhís seo fáilte roimh leanaí ar mian leo leas a bhaint as an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, lena n-áirítear leanaí a atreoraíodh faoin gclár urraíochta. Tá tuilleadh eolais faoin SNCL, lena n-áirítear conas iarratas a dhéanamh ar fhóirdheontas, ar fáil anseo - <https://www.ncs.gov.ie/ie/> nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Tacaíochta do Thuismitheoirí an SNCL ar 01 906 8530 (Luan go hAoine óna 9am go 5pm).

Áirítear CHICK (Eochair-chód Aitheantóra Chúram Leanaí) uathúil agus faisnéis maidir leis an uaslíon uaireanta is féidir leat a éileamh le do dhámhachtain SNCL. Chun do dhámhachtain a úsáid, ní mór duit:

- 1) CHICK a fháil trí iarratas a dhéanamh ar <https://www.ncs.gov.ie/ie/> nó trí theagmháil a dhéanamh le hIonad Tacaíochta do Thuismitheoirí an SNCL.
- 2) Tabhair an CHICK chuig Ballybay Kindergarten CLG agus cláraigh d'uaireanta cúraim fóirdheonaithe SNCL. Ba chóir go mbeadh na huaireanta a aontóidh tú bunaithe ar na huaireanta a theastaíonn uait agus ar an méid is féidir le Ballybay Kindergarten CLG a thairiscint duit..
- 3) Tar éis do Ballybay Kindergarten CLG do chuid uaireanta a chlárú ní mór duit a dheimhniú go bhfuil na sonraí seo ceart. Ní mór na sonraí seo a dheimhniú ag <https://www.ncs.gov.ie/ie/> nó i scríbhinn chuig an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, Bosca Poist 13105, Oifig Seachadta an Taobh Theas, Corcaigh ag brath ar cibé an ndearna tú iarratas ar líne ar dtús nó tríd an bpost chun dámhachtain a fháil duit.
- 4) **Ní íocfar d'fhóirdheontas SNCL ach amháin tar éis don Ballybay Kindergarten CLG do 'CLICK' a chlárú agus a luaithe atá sé deimhnithe agat ar an gcóras go bhfuil na sonraí ar fad ceart.**

Tugtar an 'chomhíocaíocht' ar an tsuim is gá duit a íoc le Ballybay Kindergarten CLG. Is í an chomhíocaíocht táille Ballybay Kindergarten CLG do do leanbh lúide an fóirdheontas SNCL a d'íoc an Roinn le Ballybay Kindergarten CLG do do leanbh.

Ní mór do Ballybay Kindergarten CLG sonraí a thabhairt duit faoin gcaoi a ríomhtar méid do chomhíocaíochta (ár dtáille lúide d'fhóirdheontas SNCL). Cuirfear in iúl duit i gcónaí laistigh de 20 lá má athraíonn agus nuair a athraíonn méid do chomhíocaíochta, agus tabharfar sonraí duit maidir leis an gcaoi ar ríomhadh é.

Féilirí

Tabharfaidh Ballybay Kindergarten CLG litir ar leith ar fáil duit ina léireofar na laethanta a ndúntar ár seirbhís le linn na clárbhliana. Cuirfimid tréimhse fógra scríofa 20 lá oibre ar a laghad ar fáil duit má bhíonn sé ar intinn againn é seo a athrú.

3. Beartais maidir le Táillí

Mar Sheirbhís Comhpháirtíochta, oibrímid Beartas Táillí atá trédhearcach agus intuigthe do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus a chomhlíonann na ceanglais faoi Chomhaontú Cistiúcháin na Seirbhíse Comhpháirtíochta 'Core Funding'. Ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh le Jamie Macleod-Elliott (director/company secretary & voluntary school administrator) Cuirfidh siad soiléiriú breise ar fáil duit de réir mar is gá.

3.1 Bainistíocht Táillí – Mar Sheirbhís Comhpháirtíochta, oibrímid ár mBeartas Táillí de réir Chomhaontú Cistithe na Seirbhíse Comhpháirtíochta 'Core Funding'. Ní bheidh aon ardú ar tháillí i gceist don chlár seo i rith na bliana 2024/2025 bunaithe ar na táillí a gearradh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí ar an 30 Meán Fómhair 2021, rud ar a ghlaoitear 'reo táillí'. D'fhéadfadh roinnt eisceachtaí a bheith ann maidir leis an riail seo. Tá eolas le fáil faoi na heisceachtaí seo ag <https://earlyyearshive.ncs.gov.ie/downloads/download-corefunding/>. Ionas gur féidir leis a thuiscint cad is brí leis an reo táillí seo duitse, tá breac-chuntas tugtha againn ar ár dtáillí agus an beartas táillí lena mbaineann thíos.



a) Bhí ár seirbhís ar an bhfód roimh nó ar an 30 Meán Fómhair 2021

Mar Sheirbhís Comhpháirtíochta, táimid tiomanta don 'reo táillí' a chur i bhfeidhm i rith bhliain 2024/2025 an Chláir. Ciallaíonn sé seo nach ngearrfaimid táille níos airde ar thuismitheoirí ná mar a ghearramar orthu i Meán Fómhair 2021 as an tseirbhís chéanna a chur ar fáil.



b) Bunaíodh an tseirbhís i ndiaidh an 30 Meán Fómhair 2021

Mar Sheirbhís Comhpháirtíochta, tá gealltanús tugtha againn an 'reo táillí' a chur i bhfeidhm i rith Chlárbhlain 2024/2025. Ciallaíonn sé sin nach ngearrfaimid táille níos mó ar thuismitheoirí/chaomhnóirí as an tseirbhís chéanna ná an méid a bhí á gearradh againn nuair a rinneadh Seirbhís Comhpháirtíochta dínn den chéad uair.

3.2 Síntiúis - Ní iarrfaimid ná ní ghlacfaimid le haon síntiúis, deonach ná eile ó thuismitheoirí/chaomhnóirí, i ndáil leis na seirbhísí ELC/SAC atá á gcur ar fáil.

3.3 Éarlaisí - Ní ghearrfaimid aon éarlais neamh-inaisíochta¹ ar thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir lena seirbhís ELC/SAC nuair a ghlacann an tuismitheoir/chaomhnóir an tseirbhís ar focadh an éarlais ina leith. Ina theannta sin, focfaimid ar ais gach éarlais a fuarthas do bhliain 2024/2025 den chlár a luaithe agus a dhéantar do leanbh a chlárú ar an 'Early Years Hive' nó laistigh de cheithre seachtaine tar éis don leanbh a áit a ghlacadh, cibé acu is tuisce.

3.4 Lascainí – Coinneoidimid na lascainí go léir a bhí ar fáil an 30 Meán Fómhair 2021 i bhfeidhm, ar choinníoll go mbeidh siad ar fáil do gach leanbh atá clúdaithe faoinár seirbhís. Cuirfear aon lascaine a bhaineann le d'fhóirdheontas i bhfeidhm ag an ngnáth-tháille a bhí agat go dtí seo.

3.5 Roghanna Breise – Níl an téarma 'Rogha Breise' infheidhme ach amháin maidir le seirbhísí nó gníomhaíochtaí breise a chuirimid ar fáil faoi Chláir Choigiltis ECCE/CCSP, roghanna nach bhfuil maoinithe ag na Cláir ach a ghlactar ar bhonn deonach agus a ghearrtar ort dá réir. Tá na roghanna breise seo anteoranta agus tá cóip den liosta roghanna breise atá ceadaithe ag an DCEDIY ar fáil in Aguisín 1 de [rialacha an chláir ECCE](#), agus cóip díobh ar fáil freisin ag an 'Early Years Hive'.

3.6 Seirbhís Bhreise - Is rud é seo a thairgtear sa bhreis ar chineál seirbhíse/rogha táille do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Caithfidh glacadh leis an tseirbhís bhreise a bheith go hiomlán rognach do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Mar shampla, is féidir le soláthraí seirbhíse seirbhísí bailithe scoile a thairiscint sa bhreis ar na Cineálacha Seirbhíse SAC a chuireann sé ar fáil, nó d'fhéadfadh soláthraí seirbhíse a sholáthraíonn ECCE amháinampa 2 sheachtain um Cháisc a chur ar fáil. Is roghanna breise a bheadh i gceist agus ghearrfaí táillí breise ina leith.

3.7 Próiseas Athbhreithnithe Táille - Mar Sheirbhís Comhpháirtíochta ní mór dúinn seasamh lenár n-oibleagáidí conarthacha maidir leis na táillí a ghearrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí mar atá leagtha amach i gComhaontú Cistithe na Seirbhíse Comhpháirtíochta 'Core Funding'.

Sa chás go n-aithníonn tuismitheoir/chaomhnóir sárú féideartha ar rialacha táillí 'Core Funding' a rinne an tSeirbhís Comhpháirtíochta, féadfaidh siad iniúchadh a iarraidh faoin bpróiseas Athbhreithnithe um Tháillí 'Core Funding'. –[Próiseas Athbhreithnithe Táillí an Bhunmhaoinithe](#)

Féadfaidh tuismitheoir/chaomhnóir a d'aithin athrú ar bheartas maidir le táillí Seirbhís Comhpháirtíochta a d'fhéadfadh Comhaontú Maoinithe na Seirbhíse Comhpháirtíochta Croí-Mhaoinithe a shárú, aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist ar an gcéad dul síos trí úsáid a bhaint as beartas gearán na Seirbhíse Comhpháirtíochta. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh an chéim seo réiteach tapa a fháil ar an gcás idir an tSeirbhís Comhpháirtíochta agus an tuismitheoir/chaomhnóir agus nach mbeadh aon ghá teagmháil a dhéanamh leis an CCC ina leith. Tá an chéim athbhreithnithe réamh-tháille seo rognach agus sa chás nach mian le tuismitheoir/chaomhnóir labhairt leis an tseirbhís ar mhaithe lena n-ábhair imní nó lena gceisteanna maidir le Bainistíocht Táille a phlé, is féidir leis an tuismitheoir/chaomhnóir an cás a ardú go díreach leis an CCC ábhartha.

3.8 Beartas maidir le Táillí

¹ I measc na n-éarlaisí neamh-inaisíochta tá táillí riaracháin/clárúcháin nó muirir eile dá leithéid.

D. Bunaíodh an tseirbhís seo i ndiaidh an 30 Meán Fómhair, 2021. Tá athrú tagtha ar ár mbeartas táillí ó rinneadh seirbhís comhpháirtíochta den tseirbhís seo agus táimid chun an beartas nua sin a chur i bhfeidhm don bhliain 2024/2025.

3.9 Táblaí na dTáillí

3.9.1 - Cuid A: Táblaí na dTáillí

Chlár bhliain: 2024/2025

Ainm an Chineáil Táille	Aoisraon	Aois Scoile / Luathbhlianta	ECC E ar fáil?	Am Tosaigh an tSeisiúin	Am Críochnaithe an tSeisiúin	Am Tosaigh an Dara Seisiún	Am Críochnaithe an Dara Seisiún	Seirbhísí Inchorpraithe?	Roghnaigh Seirbhís Inchorpraithe	Eolas Breise	Líon na nUaireanta sa Lá	Líon na Laethanta sa tSeachtain	Líon na nUaireanta sa tSeachtain	Táille Iomlán	Táille (agus an asbhaint san áireamh le haghaidh 3 uair an chloig saor in aisce faoi ECCE)	Éifeachtaí ó	Éifeachtaí go
Afterschool fees	3y - 6y	ELC	No	12:00	13:00			No			1	5	5	€25	€	10/02/2025	
Kindergarten fees	2y 6m - 6y	ELC	Yes	09:00	12:00			No			3	5	15	€70	€0	10/02/2025	

3.9.2 - Cuid B: Breiseáin Táille: Taisce/ Lascaine/ Roghanna Breise*/Seirbhísí Breise

Cineál	Rudaí Breise	Méid	Cur Síos	Sonraí / Coinníollacha Breise	Éifeachtach ó	Éifeachtach go
		€				

3.9.3 - Cuid C – Aon Fhaisnéis Bhreise Eile

* These are entirely optional to parents

3.10 Is iad seo a leanas na hathruithe atá déanta ar an mBeartas Táillí a bhí i bhfeidhm againn an 30 Meán Fómhair 2021 (nó nuair a rinneadh Seirbhís Comhpháirtíochta dinn den chéad uair, cibé acu is luaithe):

(a) Tá na Cineálacha Seirbhíse nua seo a leanas ar fáil:

Ainm an Chineáil Táille	SAC/ELC	Raon Aoise	Aois Íosta	Aois Uasta	ECCE ar fáil do Leanaí atá Incháilithe le haghaidh ECCE	Am Tosaigh an tSeisiúin	Am críochnaithe an tseisiúin	Seirbhísí Inchorpraithe?	Roghnaigh Seirbhís inchorpraithe	Eolas Breise	Líon uaireanta sa lá	Líon laethanta sa tseachtain	Líon uaireanta sa tseachtain	Táille (lúide 3 Uair ECCE Saor in Aisce (€))	Táille Iomlán
														€	€

3.10 (b) NÍL na Cineálacha Seirbhíse seo a leanas ar fáil a thuilleadh:

Ainm an Chineáil Táille	SAC/ ELC	Raon Aoise	Aois Íosta	Aois Uasta	ECCE ar fáil do Leanaí atá Incháilithe le haghaidh ECCE	Am Tosaigh an tSeisiúin	Am críochnaithe an tseisiúin	Seirbhísí Inchorpraithe?	Roghnaigh Seirbhís inchorpraithe	Eolas Breise	Líon uaireanta sa lá	Líon laethanta sa tseachtain	Líon uaireanta sa tseachtain	Táille (lúide 3 Uair ECCE Saor in Aisce (€))	Táille Iomlán
														€	€

4. Bearta cáilíochta

Mar Sheirbhís Comhpháirtíochta, táimid tiomanta do sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh. Tá roinnt bealaí gur féidir linn é seo a thaispeáint.

4.1 Beidh na cáilíochtaí a leanas ag ár bhfoireann:

Seomra/Seisiún	Cáilíocht
Kindergarten class	QQI level 5 or 6
Afterschool class	QQI level 5 or 6

4.2

☒	Táimid ag obair go gníomhach chun ár bPlean Gníomhaíochta Cáilíochta a chur i bhfeidhm agus tabharfaimid tuairisc faoin méid atá bainte amach againn ag deireadh na bliana don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus do na tuismitheoirí/chaomhnóirí.
-------------------------------------	--

Taispeánfaidh Ballybay Kindergarten CLG an tuarascáil QAP deireadh bliana seo in áit atá inrochtana do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ar aon ardán ar líne arna chothabháil ag Ballybay Kindergarten CLG d'fhonn an tseirbhís atá á cur ar fáil a fhógairt nó faisnéis a sholáthar do thuismitheoirí/chaomhnóirí ina leith.

Ceisteanna - Má tá aon cheist agat nó más mian leat aon cheann de na nithe thuas a phlé, déan teagmháil le **Jamie Macleod-Elliott (director/company secretary & voluntary school administrator)**. De rogha air sin, d'fhéadfá fiosruithe a sheoladh chuig do Choiste Cúraim Leanaí Cathrach/Contae áitiúil (CCC). Tá liosta de shonraí teagmhála CCC ar fáil ó www.myccc.ie

Taispeánfaidh Ballybay Kindergarten CLG an Ráiteas Tuismitheora seo i gcónaí in áit atá inrochtana do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ar aon ardán ar líne arna chothabháil ag Ballybay Kindergarten CLG d'fhonn an tseirbhís atá á cur ar fáil a fhógairt nó faisnéis a sholáthar do thuismitheoirí/chaomhnóirí ina leith. Priontálfaidh agus comhshíneoidh Ballybay Kindergarten CLG Ráiteas Tuismitheora do gach teaghlach ar leith. Coinneofar cóip atá sínithe ag Ballybay Kindergarten CLG agus ag an tuismitheoir/chaomhnóir ar taifead. Má dhéantar aon athrú ar an mBeartas maidir le Táillí, ní mór Ráiteas Tuismitheora nuashonraithe ina bhfuil na hathruithe sin curtha in iúl ann a thaispeáint agus déanfaidh Ballybay Kindergarten CLG Ráitis Tuismitheora nuashonraithe a eisiúint tríd an ríomhphost chuig na tuismitheoirí/chaomhnóirí.

Cuir leis anseo liosta de na leanaí atá cláraithe leis an tseirbhís:

Úsáid BLOCLITREACHA:

Céadainm an linbh	Sloinne an linbh

Leagtar amach sa Ráiteas Tuismitheora seo, ar chomhaontú é idir an tuismitheoir/chaomhnóir agus an soláthraí amháin, an méid a chuireann Ballybay Kindergarten CLG ar fáil agus na táillí a bhaineann leis. Má bhíonn na téarmaí sin ag teacht salach ar théarmaí aon chomhaontú eile idir Ballybay Kindergarten CLG agus na tuismitheoirí/chaomhnóirí, tabharfar tosaíocht don Ráiteas Tuismitheora. É sin ráite, beidh feidhm i gcónaí ag aon chomhaontú atá ann cheana féin, ar choinníoll nach bhfuil aon chontrárthacht ann agus nach bhfuil an comhaontú ag teacht salach ar an Ráiteas Tuismitheora seo.

Chlárbhliain:	2024/2025
Sínithe thar ceann:	Ballybay Kindergarten CLG
	25MN0118
Sínithe – Tuismitheoir/Caomhnóir	
Ainm an Tuismitheora/an Chaomhnóra (i mBLOCLITREACHA):	
Dáta	